



An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2022
(OR. fr, en)

9764/22

ECOFIN 553
UEM 157
SOC 348
EMPL 230
COMPET 451
ENV 552
EDUC 221
RECH 344
ENER 260
JAI 815
GENDER 93
ANTIDISCRIM 73
JEUN 104
SAN 349

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	9417/22 - COM(2022) 614 final
Ábhar:	Moladh le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na hUngáire agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú de chuid na hUngáire 2022

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle, bunaithe ar thogra COM (2022) 614 final ón gCoimisiún.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na hUngáire agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na hUngáire 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar shuíomhanna buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú¹, a neartú, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

¹ IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.

- (1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ar athchóirithe agus infheistíocht í a mhaoiníonn an tAontas ó thaobh buiséid de. Cuireann sé leis an téarnamh eacnamaíoch agus le cur chun feidhme athchóirithe inbhuanaithe a chuireann leis an bhfás agus le hinfeistíocht, go háirithe chun na haistriúcháin glasa agus digiteacha a chur chun cinn, agus athléimneacht agus fás ionchasach gheilleagair na mBallstát a neartú ag an am céanna. Cuidíonn sé freisin le hairgeadas poiblí inbhuanaithe a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántearma agus san fhadtearma. Tabharfar an ranníocaíocht uasta airgeadais in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta cothrom le dáta i mí an Mheithimh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (2) An 24 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil ar Fhás Inbhuanaithe, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2022 chun beartas eacnamaíoch a chomhordú. Thug sí aird chuí ar Ghealltanas Sóisialta Porto arna síniú an 7 Bealtaine 2021 chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017 a chur chun feidhme a thuilleadh. D'fhorghníomhaigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil ar Fhás Inbhuanaithe 2022 an 25 Márta 2022. An 24 Samhain 2021, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh freisin, ar tuarascáil í nár shaináithin sé an Ungáir mar cheann de na Ballstáit a mbeadh gá le mion-athbhreithniú ina leith. Ar an dáta céanna, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach 2022 ar Fhostaíocht ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirí Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 14 Márta 2022.

² Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

- (3) Le hionradh na Rúise ar an Úcráin, i ndiaidh na paindéime domhanda, tá athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil agus eacnamaíoch. Tá tionchar an ionraidh ar gheilleagair na mBallstát le sonrú, *inter alia*, trí phraghsanna fuinnimh, bia agus amhábhair níos airde, agus trí ionchais fáis níos laige. Luíonn na praghsanna fuinnimh go trom, go háirithe, ar na teaghlaigh is leochailí a bhfuil cónaí orthu i mbochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, chomh maith leis na gnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de. Tá rabharta daoine ag teacht isteach atá ag teitheadh ón Úcráin gan fasach le feiceáil san Aontas freisin. Bhí tionchar neamshiméadrach ag na héifeachtaí eacnamaíocha, a d'eascair as cogadh foghach na Rúise, ar na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, an 4 Márta 2022, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle³, cuireadh Treoir 2001/55/CE ón gComhairle⁴ i ngníomh den chéad uair, lena dtugtar an ceart chun fanacht go dleathach san Aontas do dhaoine easáitithe ón Úcráin, chomh maith le rochtain ar oideachas agus oiliúint, ar mhargadh an tsaothair, ar chúram sláinte, ar thithíocht agus ar leas sóisialta. Cuirtear tacaíocht eisceachtúil ar fáil don Ungáir faoin tionscnamh maidir le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) agus trí réamh-mhaoiniú breise faoin gclár um Chúnadh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU) chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar riachtanais ghlactha agus lánpháirtíochta dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón Úcráin.

³ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).

⁴ Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

- (4) Agus an staid eacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa á cur san áireamh, athbhunaíonn an Seimeastar Eorpach a bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta ar bhonn leathan in 2022, agus forbraítear é ag an am céanna i gcomhréir le ceanglais chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, mar a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis Inbhuanaithe 2022. Tá cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a glacadh rithábhachtach chun cuspóirí comhordaithe an bheartais eacnamaíoch faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é go dtugtar aghaidh sna pleananna ar fhothacar suntasach ar a laghad de na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh i dtimthriallta Sheimeastar Eorpach 2019 agus 2020. Tá na moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith in 2019 agus in 2020 fós chomh ábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241, sa bhreis ar aon mholtaí eile a bhaineann go sonrach le tír faoi leith arna n-eisiúint suas go dtí pleananna téarnaimh agus athléimneachta den sórt sin atá athbhreithnithe, nuashonraithe nó leasaithe.
- (5) Tá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis gníomhach ó Mhárta 2020. I dTeachtaireacht uaidh an 3 Márta 2021 dar teideal *One year since the outbreak of COVID-19* [aon bhliain amháin ó thosaigh COVID-19: freagairt an bheartais fhioscaigh], leag an Coimisiún amach a thuairim gur cheart an cinneadh maidir le clásal ginearálta éalaithe a dhíghníomhachtú nó a chur i bhfeidhm go leanúnach a dhéanamh mar mheasúnú foriomlán ar staid an gheilleagair, agus leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche san Aontas nó sa limistéar euro i gcomparáid leis an leibhéal réamh-ghéarchéime (deireadh 2019) mar phríomhchritéar cainníochtúil. Mar gheall ar éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí láidre taobh thiar den ionchas eacnamaíoch i gcomhthéacs an chogaidh san Eoraip, is gá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a leathnú go gcuirfear síneadh le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis le linn 2023.

- (6) De réir an chur chuige atá sa Mholadh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021⁵ ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na hUngáire 2021, is fearr an staid fhioscach fhoriomlán a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh), ach caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais a áireamh, i gcoibhneas leis an bhfás féideartha meántéarmach⁶. Agus níos faide ná an staid fhioscach fhoriomlán, d'fhonn a mheas an bhfuil an beartas fioscach náisiúnta stuama agus an bhfuil a chomhdhéanamh fabhrach do théarnamh inbhuanaithe a bheidh comhsheasmhach leis na haistriúcháin glasa agus digiteacha, tabharfar aird freisin ar an éabhlóid ar phríomhchaiteachas reatha⁷ arna maoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus ar an infheistíocht.

⁵ Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na hUngáire 2021 (IO C 304, 29.7.2021, lch. 78).

⁶ Is meastacháin ón gCoimisiún iad na meastacháin ar an staid fhioscach agus a comhpháirteanna sa Mholadh seo bunaithe ar na toimhdí is bunús le réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún. Sna meastacháin ón gCoimisiún ar fhás ionchasach meántéarmach, ní áirítear tionchar dearfach na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta agus lena bhféadfar borradh a chur faoin bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann.

⁷ Ní mhaoinítear iad le deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ná le cistí eile de chuid an Aontais.

- (7) An 2 Márta 2022, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoir leathan ar fáil maidir le beartas fioscach in 2023 ('an treoir fhioscach') a raibh sé mar aidhm léi tacú le hullmhú Chláir na mBallstát um Chobhsaíocht agus um Chóineasú agus comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún dá aire, go mbeadh sé iomchuí in 2023, ar bhonn an ionchas maicreacnamaíoch a bhí ann i réamhaisnéis gheimhridh 2022, aistriú ó staid fhioscach chomhiomlán tacaíochta in 2020–2022 go staid fhioscach chomhiomlán a bheadh neodrach tríd is tríd, agus go bhfuil sé réidh chun freagairt don staid eacnamaíoch atá ag teacht chun cinn. D'fhógair an Coimisiún gur cheart leanúint de dhifreáil a dhéanamh idir na moltaí fioscacha do 2023 idir na Ballstáit agus iarmhairtí trastíortha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an treoir ina gCláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú a léiriú. Gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé dlúthfhaireachán ar na forbairtí eacnamaíocha agus go n-athróidh sé a threoir beartais de réir mar is gá agus ar a dhéanaí ina phacáiste earraigh den Seimeastar Eorpach a bheidh ann ag deireadh mhí na Bealtaine 2022.
- (8) Maidir leis an treoir fhioscach, cuirtear san áireamh sna moltaí fioscacha do 2023 an t-ionchas eacnamaíoch atá ag dul in olcas, an éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí níos ísle, agus an boilsciú níos airde i gcomparáid le réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ní mór don fhreagairt fhioscach infheistíocht phoiblí a leathnú i gcomhair na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus na slándála fuinnimh, agus cumhacht ceannaigh na dteaghlach is leochailí a choimeád ar bun chun tionchar na dteithe praghsanna fuinnimh a mhaolú agus chun an brú boilscithe a theorannú ón dara babhta trí bhearta spriocdhírthe agus sealadacha. Ní mór don bheartas fioscach leanúint de bheith ag dul in oiriúint do na cúinsí atá ag athrú go tapa, lena n-áirítear dúshláin a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine i ndáil le cosaint agus slándáil, agus ní mór dó idirdhealú a dhéanamh idir na Ballstáit de réir a staide fioscaí agus eacnamaíche, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena nochtadh don ghéarchéim agus le rabhartaí daoine easáitithe ón Úcráin.
- (9) An 29 Aibreán 2022, thíolaic an Ungáir a Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú agus a Clár um Chóineasú 2022. Rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile chun na naisc eatarthu a chur san áireamh.

- (10) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2022 don Ungáir an 23 Bealtaine 2022. Rinneadh measúnú sa tuarascáil ar an dul chun cinn atá déanta ag an Ungáir maidir le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle in 2019, in 2020 agus in 2021. Rinneadh measúnú freisin inti ar dhul chun cinn na hUngáire maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ar spriocanna ceannlíne an Aontais maidir le fostaíocht, laghdú scileanna agus laghdú bochtaineachta a bhaint amach, chomh maith le dul chun cinn maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.
- (11) An 29 Aibreán 2022, thíolaic an Ungáir a Clár um Chóineasú 2022 i gcomhréir leis an spriocdháta a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.
- (12) An 23 Bealtaine 2022, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Sa tuarascáil sin, pléadh staid bhuiséadach na hUngáire, ós rud é gur sháraigh a heasnamh ginearálta rialtais in 2021 luach tagartha 3 % an Chonartha maidir le holltáirgeacht intíre (OTI), agus gur sháraigh a fiachas ginearálta rialtais an 60 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI agus nár urramaigh sé an tagarmharc maidir le laghdú an fhiachais. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh na critéir easnaimh ná na critéir fiachais. I gcomhréir leis an teachtaireacht an 2 Márta 2022, mheas an Coimisiún, laistigh dá mheasúnú ar na fachtóirí ábhartha uile, go mbeadh iarracht fhioscach tús-ualaithe ró-éilitheach i gceist le comhlíonadh an tagarmhairc maidir le laghdú an fhiachais a d'fhéadfadh an fás a chur i mbaol. Dá bhrí sin, dar leis an gCoimisiún, ní gá an tagarmharc maidir le laghdú an fhiachais a chomhlíonadh faoi na dálaí eacnamaíocha eisceachtúla atá ann faoi láthair. Mar a fógraíodh, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua maidir le heasnamh iomarcach a oscailt in earrach na bliana 2022 agus déanfaidh sé athmheasúnú ar cibé acu an mbeidh sé riachtanach nó nach mbeidh a mholadh go gcuirfí tús le nósanna imeachta den sórt sin i bhfómhar 2022.

(13) I Moladh uaithi an 20 Iúil 2020⁸, mhol an Chomhairle don Ungáir na bearta uile is gá a dhéanamh in 2020 agus 2021, i gcomhréir leis an gclásal éalaithe ginearálta, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar phaindéim COVID-19, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnamh ina dhiaidh sin. Mhol sí freisin go saothródh an Ungáir, nuair a cheadaíonn na dálaí eacnamaíocha, beartais fhioscacha arb é is aidhm dóibh suíomhanna fioscacha mheántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus an infheistíocht a fheabhsú ag an am céanna. In 2021, de réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, thit easnamh ginearálta rialtas na hUngáire ó 7.8 % de OTI in 2020 go 6.8 %. Thacaigh an fhreagairt maidir leis an mbeartas fioscach a thug an Ungáir leis an téarnamh eacnamaíoch in 2021, agus tháinig laghdú ar bhearta sealadacha éigeandála ó 4.0 % de OTI in 2020 go 0.8 % in 2021. Bhí na bearta a ghlac an Ungáir in 2021 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020. Den chuid is mó, bhí na bearta buiséadacha lánroghnacha a ghlac an rialtas in 2020 agus 2021 sealadach nó comhoiriúnaithe le bearta fritháirimh. Ag an am céanna, ní raibh roinnt de na bearta lánroghnacha a ghlac an rialtas le linn na tréimhse 2020 go 2021 sealadach ná comhoiriúnaithe le bearta fritháirimh, eadhon laghdú ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta fostóirí, deireadh a chur leis an tobhach oiliúna, díolúine ó cháin ioncaim phearsanta d'fhostaithe faoi bhun 25 bliana d'aois, an 13ú pinsean míosúil a thabhairt isteach arís, agus méadú ar phá dochtúirí. De réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, thit fiachas ginearálta an rialtais ó 79.6 % de OTI in 2020 go 76.8 % de OTI in 2021.

⁸ Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020 maidir le Clár Náisiúnta 2020 um Athchóiriú de chuid na hUngáire agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na hUngáire 2020 (IO C 282, 26.8.2020, lch. 107).

(14) Tá an cás maicreacnamaíoch atá mar bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha atá sa Chlár um Chóineasú 2022 fabhrach. Tá sé tuartha ag an rialtas go méadóidh fíor-OTI faoi 4.3 % in 2022 agus 4.1 % in 2023. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún go mbeidh fás iarbhír OTI níos ísle de 3.6 % in 2022 agus 2.6 % in 2023, go príomha mar gheall ar an toimhde go mbeidh tionchar maicreacnamaíoch níos seasmhaí ag cogadh foghach na Rúise san Úcráin. Tuartar sa réamhaisnéis ón gCoimisiún gur lú an fás a thioctfaidh ar thomhaltas príobháideach, go háirithe in 2023, agus go mbeidh fás níos moille ar infheistíocht in 2022 agus in 2023 araon. Ina Chlár Cobhsaíochta 2022, measann an Rialtas go laghdóidh an t-easnamh ceannlíne go 4.9 % de OTI in 2022 agus go 3.5 % in 2023. Léiríonn an laghdú in 2022 den chuid is mó fás dinimiciúil leanúnach in OTI ainmniúil. De réir Chlár um Chóineasú 2022, meastar go laghdóidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI go 76.1 % in 2022, agus go laghdóidh sé go 73.8 % in 2023. Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún easnamh rialtais do 2022 agus 2023 de 6.0 % agus 4.9 % de OTI faoi seach. Tá sé sin níos airde ná an t-easnamh atá tuartha i gClár um Chóineasú 2022, go príomha mar gheall ar an ionchas maicreacnamaíoch nach bhfuil chomh fabhrach sin, go háirithe in 2023, agus fás níos airde ar chaiteachas, lena n-ionchorpraítear instealltaí caipitil do chuideachtaí fiontais arb ionann iad agus 1.1 % de OTI in 2022 agus méadú 0.7 % sa bhliain 2023. I réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas níos airde maidir le fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag 76.4 % in 2022 agus 76.1 % in 2023. Is é is cúis leis an difríocht ná cothromaíocht phríomha níos airde agus dinimic ainmniúil OTI nach bhfuil chomh fabhrach céanna. De réir réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, is é 3.2 % an fás aschuir féideartha measta sa mheántearma (meánfhás 10 mbliana). Mar sin féin, ní áirítear sa mheastachán sin tionchar na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta agus lena bhféadfar borradh a chur faoi fhás ionchasach na hUngáire.

- (15) In 2022, chuir an rialtas deireadh leis na bearta a glacadh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, sa chaoi is go meastar go dtiocfaidh laghdú ar na bearta sealadacha éigeandála ó 0.8 % de OTI in 2021 go 0.0 % in 2022. Tá tionchar ag na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a chomhrac ar an easnamh rialtais, a mheastar a bheith cothrom le 1.2 % de OTI in 2022 agus cothrom le 0.7 % de OTI in 2023 i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún⁹. Is éard atá i gceist leis na bearta sin cúiteamh a thugann an rialtas do chuideachtaí fónais le haistrithe caipitil i leith cailteanas a bhfuiltear ag súil leo mar thoradh ar phraghsanna fuinnimh rialaithe, laghdú sealadach ar dhleachtanna máil ar bhreoslaí agus cúiteamh do stáisiúin pheitрил bheaga. Fógraíodh gur beart sealadach gach beart seachas na huasteorainneacha buana ar phraghsanna miondíola gáis agus leictreachais. Mar sin féin, i gcás ina bhfanfaidh praghsanna fuinnimh ag leibhéal ardaithe in 2023, d'fhéadfaí leanúint le cuid de na bearta sin. Níl cuid de na bearta sin dírithe, go háirithe na huasteorainneacha ginearálta ar phraghsanna miondíola fuinnimh agus an laghdú ar dhleachtanna máil. Tá tionchar ag na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin ar an easnamh rialtais freisin, rud a thuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún ag 0.2 % de OTI in 2022 agus 0.3 % in 2023¹⁰.
- (16) I Moladh uaithi an 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go gcoinneodh an Ungáir staid fhioscach thacúil in 2022, lena n-áirítear ón spreagadh a cuireadh ar fáil leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go gcaomhnódh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta. Mhol an Chomhairle freisin go saothródh an Ungáir, nuair is féidir sin sna dálaí eacnamaíocha, beartas fioscach atá dírithe ar shuíomhanna fioscacha stuama meántéarmacha a bhaint amach agus an inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú sa mheántéarma, agus an tráth chéanna, feabhas a chur ar an infheistíocht chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis.

⁹ Léirítear leis na figiúirí leibhéal chostais bhuiséadacha bhliantúla na mbeart sin a rinneadh ó fhómhar 2021, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

¹⁰ Glactar leis go mbeidh líon iomlán na ndaoine easáitithe ón Úcráin go dtí an tAontas Eorpach chomh hard le 6 mhilliún duine de réir a chéile faoi dheireadh 2022, agus meastar a ndáileadh geografach bunaithe ar mhéid an diaspora atá ann cheana, ar dhaoine coibhneasta an Bhallstáit ghlactha, agus ar dháileadh iarbhir na ndaoine easáitithe ón Úcráin ar fud an Aontais ó mhí an Mhárta 2022. I gcás costais bhuiséadacha in aghaidh an duine, tá meastacháin bunaithe ar shamhail mhicreashamlú Euromod Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin, agus an dá aistriú airgid á gcur san áireamh d'fhéadfadh daoine a bheith incháilithe do shochair chomhchineáil, amhail oideachas agus cúram sláinte.

(17) In 2022, de réir réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún agus lena n-áirítear an fhaisnéis a ionchorpraítear i gClár um Chóineasú na hUngáire 2022, meastar go mbeidh an staid fhioscach neodrach go ginearálta ag -0.1 % de OTI, agus mhol an Chomhairle staid fhioscach thacúil¹¹. Tá sé beartaithe ag an Ungáir tacaíocht leanúnach a chur ar fáil don téarnamh trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú mar a mhol an Chomhairle. Meastar go dtiocfaidh méadú 1.0 pointe céatadáin OTI ar an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ag cistí eile de chuid an Aontais i gcomparáid le 2021 mar gheall ar an ngearradh siar tuartha ar phróisis ionsúite cistí an Aontais¹². Tuairtar go gcuirfidh infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach ar fáil don staid fhioscach dar méid 0.2 pointe céatadáin in 2022¹³. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an Ungáir infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú, mar a mhol an Chomhairle. Ag an am céanna, meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2022 ranníocaíocht fhorleathnaithe dar méid 0.4 pointe céatadáin don staid fhioscach fhoriomlán. Áirítear leis an rannchuidiú suntasach leathnaithe sin tionchar breise na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh (0.1 % de OTI) chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0.2 % de OTI). Cuireann roinnt beart lánroghnach leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil atá maoinithe go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim), amhail an 13ú pinsean míosúil, sochair phá le haghaidh oifigigh fhorfheidhmiú an dlí agus oifigigh mhíleata, agus laghdú ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta fostóirí agus ar an tobhach oiliúna.

¹¹ Freagraíonn comhartha diúltach den táscaire do bharrachas fáis ar chaiteachas príomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach forleathnaitheach.

¹² Is réamh-mheastacháin de chuid an Choimisiúin iad seo. Níl measúnú déanta ag an gCoimisiún fós ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir.

¹³ Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile atá maoinithe go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach dar méid 0.4 pointe céatadáin de OTI, arb é an tionchar fioscach a bheidh ag an athchaipitliú ar chuideachtaí fóntais an phríomhchúis leis sin.

- (18) In 2023, tuartar go mbeidh an staid fhioscach i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún dar méid +1.9 % de OTI ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann¹⁴. Meastar go leanfaidh an Ungáir d'úsáid a bhaint as na deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2023 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh. Meastar go méadófar le 0.3 pointe céatadáin OTI in 2023 an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais. Tuartar go gcuirfidh infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach ar fáil don staid fhioscach dar méid 0.4 pointe céatadáin in 2023¹⁵. Ag an am céanna, meastar go soláthróidh an méadú ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2023 ranníocaíocht chrapthach dar méid 1.9 pointe céatadáin don seasamh fioscach foriomlán. Áirítear leis sin an tionchar ó dheireadh a chur de réir a chéile leis na bearta lena dtugtar aghaidh ar phraghsanna méadaithe fuinnimh (0.1 % de OTI) agus costais bhreise chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0.1 % de OTI).
- (19) I gClár um Chóineasú 2022, meastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar easnamh ginearálta an rialtais go 2.5 % de OTI in 2024 agus go dtitfidh sé go 1.5 % de OTI faoi 2025. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go rachaidh easnamh ginearálta an rialtais faoi bhun 3 % de OTI faoi 2024. De réir Chlár Cobhsaíochta 2022, táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI faoi 2025, go háirithe le laghdú go 70.4 % in 2024, agus laghdú go 66.9 % in 2025. De réir anailís an Choimisiúin, is cosúil gur meánrioscaí iad na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fiachais sa mheántearma.

¹⁴ Freagraíonn comhartha dearfach den táscaire d'easnamh i bhfás caiteachais príomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach crapthach.

¹⁵ Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht chrapthach dar méid 0.6 pointe céatadáin de OTI, arb é is príomhaidhm dó deireadh a chur, de réir a chéile, leis na fóirdheontais athchóirithe do theaghlaigh agus athchaipitliú measta níos ísle a dhéanamh le cuideachtaí fónais ná mar a bhí in 2022.

(20) Mar gheall ar an tionchar a bhí ag aosú an daonra agus ag an méadú ar an bhfiachas poiblí le linn ghéarchéim COVID-19, cuirfear go mór leis na dúshlán fhadtéarmacha maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach san Ungáir. Tuairtear go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcaiteachas ar phinsin, ó thart ar 8 % in 2019 go dtí os cionn 12 % de OTI in 2070. Léiríonn na táscairí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach go bhfuil meánrioscaí ann maidir le hinbhuanaitheacht sa mheántearma agus go bhfuil rioscaí arda ann san fhadtéarma. Leis na bearta beartais a rinneadh le déanaí, méadaítear dúshlán na hinbhuanaitheachta trí dhliteanais phinsin fhadtéarmacha an rialtais a mhéadú. Leis an 13ú pinsean míosúil a tugadh isteach an athuair in 2021 agus in 2022, táthar ag súil go méadófar an caiteachas ar phinsin. Leis na hathruithe ar chórais chánach agus phinsin le deich mbliana anuas, tuairtear go méadófar caiteachas ar phinsin na n-oibrithe ardphá agus míchothromaíochtaí i measc pinsinéirí. Áirítear ar na bearta sin deireadh a chur leis an uasteorainn ar ioncam inphinsin agus ar phinsin agus cáin ioncaim phearsanta chothrom a thabhairt isteach a mhéadóidh ioncam inphinsin an lucht ardioncaim. Níl aon athrú ainmniúil tagtha ar an bpinsean íosta ó bhí 2008 ann, rud a dhéanann difear do staid na ndaoine sin a bhfuil bearnaí acu ina stair fostaíochta agus a raibh meántuilleamh íseal acu le linn a ngairmréime.

- (21) An 30 Nollaig 2021, thíolaic an Ungáir doiciméid chlársceidealaithe an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh an Chomhaontaithe Chomhpháirtíochta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶ agus an 26 Eanáir 2022, thíolaic sí Clár Forbartha Eacnamaíche agus Nuálaíochta Plus. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1060, tá an Ungáir leis na moltaí tírshonracha ábhartha a chur san áireamh i gclársceidealú chistí an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021-2027. Is réamhriachtanas é sin chun éifeachtacht na tacaíochta airgeadais atá le fáil ó chistí an bheartais chomhtháthaithe a fheabhsú agus chun uasmhéadú a dhéanamh ar bhreisluach na tacaíochta sin, agus comhordú, comhlántacht agus comhleanúnachas idir cistí an bheartais chomhtháthaithe sin agus ionstraimí agus cistí eile de chuid an Aontais á gcur chun cinn ag an am céanna. Tá cur chun feidhme rathúil cláir beartais chomhtháthaithe ag brath freisin ar dheireadh a chur le bacainní ar infheistíocht, chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha agus le forbairt chríochach chothrom.
- (22) Cé go bhfuil dea-chuma ar mhargadh saothair na hUngáire ar an iomlán, tá dúshlán fós ann i ndáil le ráta íseal fostaíochta na mban agus na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Bíonn claonadh ag máithreacha a bhfuil leanaí óga acu fanacht ón obair ar feadh i bhfad, i bpáirt mar gheall ar an nganntanas áiteanna cúraim leanaí do leanaí faoi bhun trí bliana d'aois. Tá méadú ag teacht de réir a chéile ar líon na n-áiteanna cúraim leanaí a bhuí le cláir thiomnaithe, ach tá ganntanas foirne ag na naíonraí freisin. Tá deis shuntasach ann ráta fostaíochta grúpaí áirithe faoi mhíbhuntáiste a mhéadú, amhail daoine ar bheagán oiliúna, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine faoi mhíchumas agus Romaigh. D'fhéadfaí na grúpaí sin a spreagadh trí scileanna a thabhairt dóibh agus trí chabhrú go gníomhach leo poist a aimsiú. Tá teorainn leis an gcúnamh a thugtar le linn an chuardaigh poist, agus ní fhaigheann ach leath de na daoine dífhostaithe atá cláraithe sochair airgeadais. Tá fad an tsochair dífhostaíochta i measc na tréimhse is giorra san Aontas Eorpach. Tá an dífhostaíocht comhchruinnithe sna réigiúin bheagfhorbartha agus i gceantair thuaithe.

¹⁶ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

(23) Tá laghdú suntasach tagtha ar bhaol na bochtaineachta, ach tá go leor daoine fós nach bhfuil in ann riachtanais bhunúsacha a fháil. Tá rátaí díothachta ábharáí agus sóisialta fós i measc na rátaí is airde san Aontas Eorpach, go háirithe i gcás leanaí. Tá an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta comhchruinnithe i ngrúpaí agus i gcriócha sonracha. Tá rátaí bochtaineachta trí go ceithre huairé níos airde i measc na Romach, i bpáirt mar gheall ar an rochtain níos teoranta atá acu ar an margadh saothair agus ar sheirbhísí poiblí. Tá laghdú tagtha ar an líontán sábhála sóisialta do theaghlaigh nach bhfuil fostaíocht chobhsaí acu le deich mbliana anuas agus tháinig méadú ar bhearna na bochtaineachta le déanaí. Cuireann an córas cánach ualach díréireach ar oibrithe ar phá níos ísle. Is lú seans freisin go mbainfidh teaghlaigh ar ioncam íseal tairbhe as an liúntas cánach ioncaim in aghaidh an linbh. A bpríomhfhoinsí ioncaim, amhail pá oibreacha poiblí, an t-ioncam íosta agus an liúntas teaghlaigh, níor choinnigh siad suas leis an gcostas maireachtála. Níl aon athrú tagtha ar phraghsanna rialáilte ar fhuinneamh cónaithe, agus dá bhrí sin tá teaghlaigh á gcosaint go páirteach ó na méaduithe ar phraghsanna tráchtearraí a tharla le déanaí. Mar sin féin, ní chabhraíonn sé sin le teaghlaigh bhochta faoin tuath a úsáideann breoslaí soladacha le haghaidh téimh. Dúshlán breise do theaghlaigh ísealioncaim is ea praghsanna tithe a bheith ag ardú, ar teaghlaigh iad a mbíonn deacrachtaí acu rochtain a fháil ar scéimeanna tacaíochta tithíochta poiblí. Idir an dá linn, tá an tithíocht shóisialta gann agus is minic a bhíonn sí i ndroch-chaoi.

(24) Tá na torthaí oideachais san Ungáir faoi bhun mheán an Aontais. Faoi 15 bliana d'aois, tá na bunscileanna go mór faoi bhun mheán an Aontais agus an mheáin réigiúnaigh agus tá laghdú tagtha orthu le deich mbliana anuas. Murab ionann agus treochtaí Eorpacha, tháinig méadú ar luathfhágáil na scoile le deich mbliana anuas go 12.0 % in 2021, ráta a bhí os cionn mheán an Aontais de 9.7 %. Tá luathfhágáil na scoile níos airde sna ceantair is lú forbairt, agus sé huairde níos airde i measc na Romach ná i measc daoine nach Romaigh iad. Tháinig ardú ar an sciar de dhaoine idir 25 agus 34 bliana d'aois a bhfuil dioplóma treasach acu ó bhí 2010 ann, ach tá sé fós ar cheann de na rátaí is ísle san Aontas Eorpach. Tá beagán níos mó ná leath de mheán an Aontais rannpháirteach san fhoghlaim aosach. Tá easpa scileanna digiteacha ann, go háirithe i measc daoine bochta. Sa dá cheathairl ioncaim is ísle, níl scileanna digiteacha bunúsacha ach ag 13 % agus 18 % de mhuintir na hUngáire, atá i measc na gcéatadán is ísle san Aontas. Is beag seans atá ag mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste leibhéal oideachais níos airde a bhaint amach. Laghdaíonn neamhionannas san oideachas an deis ar shoghluaisteacht shóisialta. Is dócha go mbeidh éifeachtacht íseal agus cothroime íseal sa chóras scoile nasctha le leibhéal íseal neamhspleáchas an churaclaim, leis an easpa éagsúlachta socheacnamaíche laistigh de scoileanna agus le tuarastal íseal na múinteoirí. Is fadhb atá ag dul i méid é an ganntanas múinteoirí. Cé nach dtugtar le fios le táscairí comhiomlána, amhail an cóimheas idir múinteoirí agus daltaí, go bhfuil géarghanntanas ann, léiríonn anailís níos mionsonraithe go bhfuil ganntanais ann d'ábhair ar leith amhail matamaitic, eolaíocht agus teangacha iasachta. Tá nasc freisin idir ganntanais múinteoirí agus ilroinnt an chórais scoile, ós rud é go bhfuil níos lú ná 150 dalta i leath de na bunscóileanna agus de na meánscoileanna íochtaracha go léir. Is iondúil go mbíonn ganntanas múinteoirí cáilithe ann go háirithe i scoileanna a bhfuil cion ard daltaí faoi mhíbhuntáiste iontu. Breis is leath na gcéimithe ó chúrsaí oideachais múinteoirí, bíonn siad ag obair i ngairmeacha eile mar gheall ar an ualach ard oibre agus pá íseal múinteoirí, go háirithe ag tús a ngairmréime. Ina theannta sin, bíonn neamhspleáchas teoranta agus uirlisí teoranta ag ceannairí scoile chun cáilíocht na múinteoireachta a fheabhsú mar gheall ar bhainistíocht láraithe na scoileanna.

- (25) Tá torthaí sláinte chun deiridh ar fhormhór na mBallstát eile, rud a léiríonn stíleanna maireachtála míshláintiúla agus éifeachtacht theoranta an tsoláthair cúraim sláinte. Tá leitheadúlacht an tobac, úsáid alcóil agus an otracht ar na rátaí is airde san Aontas. Tá muintir na hUngáire ar na daoine is dóchúla san Aontas bás a fháil roimh am de dheasca droch-cháilíocht aeir. Tá líon na mbásanna inseachanta ar an líon is airde san Aontas, i bpáirt mar gheall ar scagadh agus bainistiú cúraim phríomhúil neamhleor. Tá éagothromaíochtaí suntasacha socheacnamaíocha ann maidir le rochtain ar chúram sláinte ar ardchaighdeán, mar gheall ar ghanntanas ollmhór foirne cúraim sláinte, go háirithe cleachtóirí agus altraí ginearálta. Tá líonra na n-ospidéal ilroinnte agus tá líon ard leapacha ospidéil ann. Caitheann othair san Ungáir an t-am is faide in ospidéal ar fud an Aontais, toisc go bhfuil glacadh gnáthamh máinliachta lae fós íseal i gcomparáid le meán an Aontais. Leis na hathchóirithe a rinneadh le déanaí, tugadh spreagadh do chleachtóirí ginearálta comhoibriú lena chéile, rud a chuirfeadh feabhas ar sholáthar na seirbhísí. Rinneadh bearta suntasacha chun deireadh a chur le híocaíochtaí aisce agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais dochtúirí.
- (26) Tá sásraí rialaithe easnamhacha neamhspleácha agus idirnáisc dhiana idir an pholaitíocht agus gnólachtaí áirithe ag cuidiú le héilliú. Nuair a dhéantar líomhaintí tromchúiseacha, bíonn easpa gníomhaíochta diongbháilte ar bhonn córasach ann chun cásanna éillithe a bhfuil baint ag oifigigh ardleibhéil nó ag a gciorcaí láithreach leo a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Is ábhar inní fós é cuntasáíocht i leith cinntí maidir le himscrúduithe a dhúnadh toisc nach bhfuil aon leigheas éifeachtach ann in aghaidh chinntí na seirbhíse ionchúisimh gan gníomhaíocht choiriúil líomhnaithe a ionchúiseamh. Leis an laghdú atá ag teacht ar na féidearthachtaí a bhaineann le maoriseacht phoiblí i gcomhthéacs srianta ar shaoirse na meán, timpeallacht naimhdeach d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus dúshlán a thagann chun cinn arís agus arís eile i ndáil le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le trédhearcacht agus rochtain ar fhaisnéis phoiblí, lagaítear tuilleadh an creat frith-éillithe. I mí na Nollag 2021, rinne an rialtas cur chun feidhme fhormhór na mbeart ina straitéis frith-éillithe le haghaidh na mblianta 2020-22 a chur siar¹⁷.

¹⁷ Sheol an Coimisiún litir fógra chuig an Ungáir an 27 Aibreán de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020, maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1).

- (27) Tá neamhspleáchas, éifeachtúlacht agus cáilíocht an chórais ceartais ríthábhachtach chun gnó a mhealladh agus chun fás eacnamaíoch a chumasú. Tá inní fós ann maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna. Tá deacrachtaí fós ag Comhairle Bhreithiúnach na hUngáire cumhachtaí Uachtarán na hOifige Náisiúnta do na Breithiúna a fhrithchothromú. Cruthaíonn na rialacha maidir le toghadh Uachtarán na Cúirte Uachtaraí an baol go mbeidh tionchar polaitiúil ar phríomhchúirt na tíre. Le heaspa trédhearcachta na scéime um leithdháileadh cásanna, ní féidir le páirtithe a fhíorú ar cuireadh aon lánrogha míchuí i bhfeidhm. Ardaíodh ceisteanna maidir le ról na Cúirte Bunreachtúla, ar a bhfuil comhaltaí arna dtoghadh ag an bParlaimint gan rannpháirtíocht na mbreithiúna, chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhreithiúnais na ngnáthchúirteanna.
- (28) Tá scór íseal ag an Ungáir i measc na mBallstát san idirphlé sóisialta, i rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i bhforbairt an dlí phríomhúil, i gcomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta, sa tsochaí shibhialta agus in úsáid ionstraimí atá bunaithe ar fhianaise. Tugadh neamhaird go córasach ar rialacha náisiúnta maidir leis an gcomhairliúchán poiblí éigeantach ar dhréachtghníomhartha dlí agus ar a measúnuithe tionchair. Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na ndlíthe atá faoi réir comhairliúcháin le blianta beaga anuas.
- (29) Rinneadh bearta chun an córas cánach a fheabhsú a thuilleadh ach tá roinnt dúshlán fós ann. Tá an t-ualach cánach ar shaothar laghdaithe ach tá sé fós ard le haghaidh go leor saothraithe ar ioncam íseal. Déanann cánacha earnáilsonracha agus líon mór cánacha beaga an córas cánach níos casta agus ardaíonn siad costais chomhlíonta, go háirithe i gcás gnólachtaí beaga.

(30) Cuireann bacainní rialála agus rannpháirtíocht an Stáit i margáí táirgí bac ar roghnú frontar éifeachtúil agus cuireann siad teorainn le hiomaíocht. Cuireann díolúintí ad hoc ar idirbhearta gnó ó ghrinnscrúdú iomaíochta bac ar fheidhmiú an mhargaidh agus cuireann siad bac ar infheistíocht. Fadhb eile is ea neamhchinnteacht an chreata dhlíthiúil, go háirithe in earnáil an mhiondíola, earnáil a raibh athruithe ar rialacháin roimpi go minic le blianta beaga anuas. D'fhéadfadh rialacháin agus cánacha cosc a chur ar ghnólachtaí fás, go háirithe in earnálacha an mhiondíola agus na bhfóntas. Tá rialáil gairmeacha sriantach i gcónaí. D'fhéadfadh nósanna imeachta dócmhainneachta atá mall agus costasach bac a chur ar athstruchtúrú gnólachtaí atá i mbéal cliseadh. Tá an margadh soláthair fós leochaileach do chleachtais fhrithiomaíocha. Tá cion na gconarthaí a dámhadh i nósanna imeachta nach raibh ach tairgeoir amháin ann ar an gcion is airde san Aontas. Chuir na húdaráis feabhas ar an maoirseacht ar rialacht an tsoláthair phoiblí mar fhreagairt ar thorthaí níos luaithe iniúchtaí comhleanúnacha an Choimisiúin i réimse bhainistiú chistí an Aontais a rinneadh in 2014, 2015 agus 2017, inar sainathnódh easnaimh agus neamhrialtachtaí sistéamacha agus neamhrialtachtaí tromchúiseacha, go háirithe maidir le comhaontuithe réime a úsáid. Beidh le feiceáil cibé acu ar tugadh aghaidh iomlán ar na heasnaimh uile a sainathnódh roimhe sin nó nár tugadh. Le déanaí, tháinig rioscaí nua chun cinn nuair a eisíodh iontaobhais leasa phoiblí ó na rialacha soláthair phoiblí. I mí Feabhra 2021, leag an rialtas amach sprioc uailmhianach, is é sin céatadán na nósanna imeachta soláthair phoiblí nach bhfuil ach tairiscint amháin acu a laghdú go dtí níos lú ná 15 %, ach gan amlíne sheasta a leagan síos.

- (31) Tá an t-aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh díobháil aeráide de fós ag céim luath. Tá leath de chríoch na hUngáire neamhchosanta go mór ar rioscaí maidir leis an athrú aeráide, lena n-áirítear triomach agus tuilte. Cruthaíonn sé sin an gá le réitigh oiriúnaithe aeráide inbhuanaithe, go háirithe trí uisce a choinneáil ar bhealach atá bunaithe ar an dúlra, lena n-áirítear trí hidreolaíocht nádúrtha a athbhunú, cleachtais talmhaíochta a oiriúnú, agus faireachán cúramach a dhéanamh ar astarraingtí screamhuisce agus uisce dromchla le haghaidh uisciúcháin. Is ábhar imní i gcónaí é cáilíocht an aeir agus an uisce. Is iad na príomhfhoinsí truaillithe aeir ná astaíochtaí a bhaineann le dóchán breosla soladach cónaithe, leis an talmhaíocht agus leis an iompar. Tá drochbhail ar sciar mór de ghréasán soláthair an uisce óil agus tá bacainní roimh an infheistíocht mar gheall ar an timpeallacht rialála. Tá an geilleagar ciorclach fós ag an gcéim thosaigh, tá athchúrsáil dramhaíola cathrach tearcfhorbartha agus ní leor na hionstraimí eacnamaíocha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán chomhshaoil. Rinne an rialtas bainistiú dramhaíola a atheagrú le roinnt céimeanna. Rinne na hathruithe an iomaíocht san earnáil a theorannú, agus an fho-éifeacht atá air sin laghdú ar éifeachtúlacht agus rátaí athchúrsála. Na hearnálacha ar dócha go dtiocfaidh meath orthu nó go dtiocfaidh athrú orthu mar gheall ar an aistriú glas, cuireann siad poist ar fáil do bheagnach 4 % de na hoibrithe ar fad, oibrithe a bhféadfadh gá ar leith a bheith acu le huasoiliúint agus le hathoiliúint. D'fhéadfadh ganntanais lucht saothair in earnáil an fhuinnimh bac a chur ar an aistriú chuig neodracht aeráide.
- (32) Príomhthréith de bhonneagar iompair is ea mótarbhealach dlúth agus gréasán iarnróid leictirithe. Tá méadú mór tagtha ar astaíochtaí in earnáil an iompair san Ungáir, earnáil a bheidh ar an earnáil astaithe is mó roimh i bhfad. Tá an Ungáir ar cheann de na Ballstáit is mó atá faoi bhrú tráchta agus tá méadú ag teacht ar líon na n-uaireanta a chailtear in aghaidh an tiománaí i gceantair uirbeacha. Tá sciar na ngluaisteán paisinéirí astaíochtaí nialasacha nuachlártaite agus líon na bpointí luchtaithe ag fás de réir a chéile. Cé go léiríonn na táscairí comhfhreagracha suíomh ceannasach i measc piaraí réigiúnacha, tá sé fós faoi mheán an Aontais.

- (33) Tá an taighde agus an nuálaíocht ríthábhachtach don fhás fadtéarmach agus don iomaíochas. Tá an Ungáir ina nuálaí atá ag teacht chun cinn. Tá méadú ag teacht ar an gcaiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt agus bhain sé 1.61 % de OTI amach in 2020. Tá ganntanas oibríthe ardoilte ina chonstaic lárnach don nuálaíocht. Tá na rátaí gnóthachtála oideachais threasaigh i measc na rátaí is ísle san Aontas. Leis an díolúine a tugadh d'oibríthe óga le déanaí ó cháin ioncaim phearsanta agus athruithe struchtúracha eile, cuirtear bac ar an tsaoirse acadúil, rud a laghdaíonn tarraingteacht an ardoideachais. Tá scileanna digiteacha agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha ag gnólachtaí agus seirbhísí poiblí fós faoi bhun mheán an Aontais.
- (34) Mar fhreagairt ar an sainordú ó Cheannairí Stáit nó Rialtais an Aontais a leagtar amach i nDearbhú Versailles, tá sé mar aidhm ag an togra ón gCoimisiún le haghaidh plean REPowerEU deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairiú breosla iontaise ón Rúis a luaithe is féidir. Chun na críche sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na tionscadail, na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe is oiriúnaí ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais a shainaithe i gcomhphlé leis na Ballstáit. Is é is aidhm do na bearta sin an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus allmhairí breosla iontaise a aistriú ón Rúis.

(35) Braitheann earnáil fuinnimh na hUngáire go mór ar an Rúis le haghaidh breoslaí iontaise. De réir sonraí 2020¹⁸, is ón Rúis a thagann beagnach an gás nádúrtha allmhairithe uile (95 % i gcomparáid le meán an Aontais de 44 %). Tá spleáchas na Rúise ar ola os cionn mheán an Aontais (61 % i gcomparáid le 26 %), ach tá sé níos ísle i gcás guail (22 % i gcomparáid le 54 %). Tá an sciar den ghás nádúrtha sa mheascán fuinnimh níos airde ná meán an Aontais (35 % i gcomparáid le 24 %), agus tá sciar na hola (30 % i gcomparáid le 33 %) agus sciar an ghuaile (7 % i gcomparáid le 11 %) níos ísle. Tá an sciar 13.9 % d'fhoinsí in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh ar cheann de na sciar is ísle san Aontas Eorpach. Tá sé beartaithe ag an Ungáir a bheith ag brath níos mó ar an ngrianfhuinneamh agus tá acmhainneacht na gaoithe agus an fhuinnimh gheoiteirmigh fós tearcúsáidte. Éilíonn an eangach leictreachais infheistíochtaí, amhail méadrú cliste, scéimeanna do sholáthróirí, pobail fuinnimh agus praghsáil dhinimiciúil chun níos mó fuinnimh in-athnuaite a chur ar fáil. Ina theannta sin, d'fhéadfaí simpliú a dhéanamh ar nósanna imeachta ceadaithe maidir le gléasraí a shuiteáil a bhaineann úsáid as foinsí in-athnuaite fuinnimh. Moltar infheistíochtaí nua bonneagair agus líonraí a bhaineann le gás a bheith slán i bhfad na haimsire i gcás inar féidir, chun a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach a éascú trí bhreoslaí inbhuanaithe a chur in ionad breoslaí inbhuanaithe amach anseo. Chun an spleáchas a laghdú a thuilleadh, tá acmhainneacht mhór ann feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh in earnáil na bhfoirgneamh cónaithe. Rinneadh cur i bhfeidhm caighdeán comhshaoil níos déine do thithíocht nua a chur siar 18 mí go dtí Meitheamh 2022. Ní dhíríonn an clár athchóirithe cónaithe atá ann faoi láthair ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ní áirítear na teaghlaigh is leochailí sa chleachtas. Le leibhéal aonfhoirmeach íseal praghsanna rialaithe fuinnimh, beag beann ar ioncam teaghlaigh nó ar leibhéal tomhaltais, méadaítear neamhionannas ioncaim agus ní chruthaíonn sé dreasachtaí coigilte fuinnimh. Beidh gá le méadú breise ar an uailmhian maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun foinsí inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun go mbeidh an Ungáir ag teacht leis na cuspóirí 'Oiriúnach do 55'.

¹⁸ Eurostat (2020), sciar allmhairí na Rúise os cionn allmhairí iomlána gáis nádúrtha, amhola agus guail chrua. Do mheán na 27 mBallstát, tá iomlán na n-allmhairí bunaithe ar allmhairí lasmuigh de AE27. I gcás na hUngáire, áirítear trádáil laistigh den AE ar iomlán na n-allmhairí. Ní fholáíonn amhola táirgí ola scagtha. Ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go bhfuil an Ungáir ag brath go mór ar allmhairiú gáis ón Rúis, tá méid suntasach gáis á onnmhairiú ag an Ungáir chuig tíortha comharsanachta. Dá bhrí sin, is dócha go mbeidh a spleáchas gáis don tomhaltas intíre níos ísle ná na figiúirí a tuairiscíodh, cé go bhfuil sé fós suntasach.

- (36) Cé go mbeidh costais shuntasacha athstruchtúraithe i roinnt earnálacha mar thoradh ar an dlús atá curtha leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta agus ar shiúl ó bhreoslaí iontaise, is féidir leis an Ungáir úsáid a bhaint as an Sásra um Aistriú Cóir i gcomhthéacs an bheartais chomhtháthaithe chun tionchar socheacnamaíoch an aistrithe a mhaolú sna réigiúin is mó atá buailte. Ina theannta sin, is féidir leis an Ungáir leas a bhaint as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹, chun deiseanna fostaíochta a fheabhsú agus comhtháthú sóisialta a neartú.
- (37) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, scrúdaigh an Chomhairle Clár um Chóineasú 2022 agus léirítear a tuairim²⁰ i moladh (1),

Ag MOLADH LEIS SEO go nglacfaidh an Ungáir gníomhaíocht in 2022 agus in 2023 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. In 2023, a áirithiú go mbeidh fás an phríomhchaiteachais reatha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithé á cur san áireamh do theaghlaigh agus do ghnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de agus do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag teacht chun cinn. Infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus le haghaidh na slándála fuinnimh, lena gcuirtear san áireamh an tionscadal REPowerEU, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. Le linn na tréimhse tar éis 2023, saothrófar beartas fioscach atá dírithe ar shuíomhanna fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach. Inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean a fheabhsú, agus leordhóthanacht á caomhnú ag an am céanna go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar neamhionannais ioncaim.
2. An chaibidlíocht leis an gCoimisiún maidir le doiciméid chlársceidealaithe an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021-2027 a chur i gcrích go tapa d'fhonn tús a chur lena gcur chun feidhme.

¹⁹ Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

²⁰ Faoi Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

3. Leanúint de chomhtháthú na ngrúpaí is leochailí i margadh an tsaothair, go háirithe trí uasoiliúint, agus síneadh a chur le tréimhse na sochar dífhostaíochta. Leordhóthanacht an chúnaimh shóisialta a fheabhsú agus rochtain ar sheirbhísí riachtanacha agus ar thithíocht leordhóthanach a áirithiú do chách. Torthaí oideachais a fheabhsú agus rannpháirtíocht grúpaí faoi mhíbhuntáiste, go háirithe na Romaigh, a mhéadú in oideachas príomhshrutha ar ardcháilíocht. Rochtain ar sheirbhísí coisctheacha agus ar sheirbhísí cúraim phríomhúil ar ardchaighdeán a fheabhsú.
4. An creat frith-éillithe a threisiú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar iarrachtaí ionchúisitheacha agus ar rochtain ar fhaisnéis phoiblí, agus trí neamhspleáchas breithiúnach a neartú. Cáilíocht agus trédhearcacht an phróisis cinnteoireachta a fheabhsú trí idirphlé sóisialta éifeachtach, trí rannpháirtíocht le geallsealbhóirí eile agus trí mheasúnuithe tionchair rialta. Leanúint den chóras cánach a shimpliú. Feabhas a chur ar intuarthacht rialála agus ar iomaíocht in earnáil na seirbhísí, go háirithe in earnálacha an mhiondíola agus na bhfóntas, agus grinnscrúdú iomaíochta a chur i bhfeidhm go córasach in idirbhearta gnó. Iomaíocht sa soláthar poiblí a fheabhsú.
5. Athchóiriú agus infheistíocht a chur chun cinn maidir le bainistiú inbhuanaithe uisce agus dramhaíola agus ciorclaíocht an gheilleagair, digiteáil gnólachtaí, scileanna glasa agus digiteacha, agus taighde agus nuálaíocht.
6. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, go háirithe trí na nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú agus trí bhonneagar an leictreachais a uasghrádú. Allmhairí breoslaí iontaise a éagsúlú go háirithe tríd, *inter alia*, an idirnascadh le rannpháirtíocht tíortha eile a neartú. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise i bhfoirgnimh agus in iompar a laghdú trí dhlús a chur leis na hiarrachtaí maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh do chách, go háirithe i dtithe cónaithe, agus maidir leis an iompar inbhuanaithe go háirithe trí leictriú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán